Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11045 – MITSUBISHI CORPORATION / MITSUBISHI HC CAPITAL / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 82/04)

1. An 24 Feabhra 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Mitsubishi Corporation ("MC", an tSeapáin),

— Mitsubishi HC Capital INC ("MHC", an tSeapáin),

— JV (an tSeapáin).

Gheobhaidh MC agus MHC Europa rialú comhpháirteach ar JV de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna i gcuideachta nuabhunaithe, ar cuideachta í atá ina comhfhiontar, atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta trádála é MC a fhorbraíonn agus a fheidhmíonn gnó ar fud an domhain i dtionscail éagsúla, lena n-áirítear gluaisteáin agus soghluaisteacht,

— Cuireann MHC seirbhísí airgeadais ar fáil lena n-áirítear léas airgeadais, léas oibriúcháin dírithe ar luachanna sócmhainne, léas gluaisteáin, léasanna eastáit réadaigh, gnó CLA, fachtóireacht agus táirgí comhshaoil, agus tá sé gníomhach ar fud an domhain,

— Oibreoidh JV léasú, ceannach agus díol gluaisteán, chomh maith le seirbhísí a bhaineann le bainistíocht feithiclí sa tSeapáin. Tabharfaidh sé le chéile gníomhaíochtaí reatha i) Mitsubishi HC Capital Auto Lease Corporation, atá faoi rialú aonair MHC faoi láthair, agus ii) Mitsubishi Auto Leasing Corporation, atá faoi rialú comhpháirteach MC agus MHC faoi láthair. Ní bheidh aon ghníomhaíochtaí ag JV sa LEE.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11045 – MITSUBISHI CORPORATION / MITSUBISHI HC CAPITAL / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË